Coimisiún na Meán

# Treoirlínte le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Meán Closamhairc Ar Éileamh

Dáta foilsithe:
13 Bealtaine 2024

# Clár Ábhar

**Réamhrá** **3**

**1. Léirmhíniú** **4**

**2. Réamhrá** **8**

**3. Dualgais na Soláthraithe Seirbhísí Meán Fógra a Thabhairt don Choimisiún** **8**

**4. Clárúchán** **8**

**5. Fógra a thabhairt** **9**

**6. Seirbhísí Meán Closamhairc Ar Éileamh – Critéir agus Raon Feidhme** **9**

6.1 Príomhchuspóir 9

6.2 Cuid Indealaithe 10

6.3 Freagracht eagarthóireachta 11

6.4 An Pobal i gCoitinne 11

6.5 Catalóg 12

6.6 Seirbhís eacnamaíoch 12

6.7 Seirbhís Athdheise 13

6.8 Teacht le chéile seirbhísí meán físeán ar éileamh agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán 13

6.9 Cineálacha seirbhísí laistigh den raon feidhme 13

**7. Dualgais, Cóid agus Rialacha is infheidhme maidir le Soláthraithe Seirbhísí Meán** **14**

**8. Cód Cleachtais – Gearáin a Láimhseáil** **17**

**9. Samhail Tobhaigh** **18**

**10. Saothair Eorpacha** **19**

# Réamhrá

Coimisiún na Meán (“an Coimisiún”), a bhfuil cumhacht aige de bhun alt 46H den Acht Craolacháin 2009, arna leasú (“Acht 2009”), eisíonn sé na Treoirlínte seo a leanas ar féidir tagairt a dhéanamh dóibh mar na *“Treoirlínte le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Meán”.*

Eisíonn an Coimisiún na Treoirlínte seo chun cuidiú le hoibriú agus tuiscint na bpróiseas clárúcháin faoi Chuid 3A d’Acht 2009 agus de bhun na Rialacha Clárúcháin arna ndéanamh ag an gCoimisiún.

Tá na Treoirlínte seo beartaithe le bheith ina gcabhair chun forálacha Acht 2009 a thuiscint agus dá bhrí sin, níor cheart iad a mheas mar ionadach le haghaidh aon fhoráil reachtúil ar leith, ná chun téarmaí aon fhorála a athrú. Ní comhairle dlí atá sna Treoirlínte ach oiread. Féadfaidh an Coimisiún na Treoirlínte seo a leasú nó a thabhairt cothrom le dáta ó am go chéile de réir mar a mheastar a bheith iomchuí. Soláthraithe seirbhísí meán atá faoi réir clárúcháin nó nach bhfuil cinnte maidir le cé acu atá siad faoi réir clárúcháin nó nach bhfuil, ba cheart dóibh smaoineamh ar a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil maidir lena n-oibleagáidí reachtúla féideartha faoi Acht 2009. Tá sé de fhreagracht ar sholáthraithe seirbhísí meán a áirithiú go bhfuil siad ag comhlíonadh a n-oibleagáidí reachtúla is infheidhme. Ní bheidh an Coimisiún faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas nó damáiste a d’fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar aon spleáchas a d’fhéadfaí a chur ar na Treoirlínte seo, ar aon Riail arna foilsiú nó ar aon treoir agus/nó comhairle neamhfhoirmiúil a d’fhéadfadh foireann an Choimisiúin a chur ar fáil.

Má theastaíonn tuilleadh eolais nó soiléirithe uait maidir leis na Treoirlínte seo, téigh i dteagmháil le VODregistration@cnam.ie agus cuideoidh ball foirne leat.

# 1. Léirmhíniú

Sna Treoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

| | |
|---|---|
| “Acht 2009” | ciallaíonn sé sin an tAcht Craolacháin, 2009, arna leasú. |
| “seirbhís craolacháin closamhairc” | ciallaíonn sé sin seirbhís meán closamhairc a chuirtear ar fáil le féachaint go comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach ar chláir chlosamhairc ar bhonn sceideal clár. |
| “seirbhís meán closamhairc” | ciallaíonn sé sin seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sa chás -<br><br>(a) go bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse tiomnaithe do, nó<br><br>(b) go bhfuil príomhchuspóir cuid indealaithe den tseirbhís tiomnaithe do,<br><br>chláir chlosamhairc a chur ar fáil, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt. |
| “gníomhaíocht seirbhíse meán closamhairc” | ciallaíonn sé sin gníomhaíocht a bhaineann leis an tseirbhís meán closamhairc lena mbaineann. |
| “seirbhís meán closamhairc ar éileamh” | ciallaíonn sé sin seirbhís meán closamhairc a sholáthraítear le go bhféachfar ar chláir ag an tráth a roghnaíonn an t-úsáideoir agus ar iarratas ón úsáideoir, ar bhonn catalóg clár arna roghnú ag soláthraí na seirbhíse. |
| “clár closamhairc” | ciallaíonn sé sin sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim arb é an rud atá i gceist leis, i gcás seirbhís meán closamhairc, mír aonair, gan beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg clár. |
| “Treoir AVMS” | ciallaíonn sé sin an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc arb í Treoir 2010/13/AE í arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808. |
| “catalóg” | ciallaíonn sé sin ábhar meán closamhairc a shocrú i mbunachar sonraí a fhágfaidh go mbeidh rochtain ag an úsáideoir ar ábhar meán closamhairc, sa chás inarb é an soláthraí atá freagrach as an ábhar meán closamhairc a chuirtear ar fáil a innéacsú nó a chatagóiriú. |
| “Coimisiún” | ciallaíonn sé sin Coimisiún na Meán. |
| “freagracht eagarthóireachta” i ndáil le cláir a chur ar fáil | ciallaíonn sé sin rialú éifeachtach —<br>(a) ar rogha na gclár, agus<br>(b) ar an gcaoi a n-eagraítear iad i sceideal clár nó i gcatalóg. |

"Dlínse"

ciallaíonn sé sin, de bhun alt 2A d'Acht 2009, go bhfuil soláthraí seirbhísí meán *"faoi dhlínse an Stáit"* má tá sé bunaithe sa Stát.

Beidh soláthraí seirbhísí meán bunaithe in Éirinn chun críocha Alt 2009 sna himthosca seo a leanas:

i) Má tá ceannoifig an tsoláthraí in Éirinn agus má dhéantar na cinntí eagarthóireachta ábhartha in Éirinn; nó

ii) Má tá ceannoifig an tsoláthraí in Éirinn ach sa chás ina ndéantar na cinntí eagarthóireachta ábhartha i mBallstát eile, ansin beidh an soláthraí seirbhísí meán bunaithe in Éirinn

- más in Éirinn a oibríonn cuid mhór den lucht saothair a bhfuil baint aige le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc a bhaineann le cláir; nó
- más in Éirinn a oibríonn cuid mhór den lucht saothair a bhfuil baint aige le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc a bhaineann le cláir, agus más in Éirinn a dhéantar cinntí eagarthóireachta ábhartha; nó
- má chuir an soláthraí tús lena ghníomhaíocht ar dtús de réir dhlí na hÉireann agus má tá nasc cobhsaí éifeachtach coinnithe ar bun aige le geilleagar na hÉireann.

iii) Más difriúil an áit a bhfuil ceannoifig an tsoláthraí seirbhísí meán agus an áit a ndéantar na cinntí eagarthóireachta ábhartha, agus más amhlaidh nach bhfuil ach ceann amháin de na háiteanna sin in Éirinn, measfar go mbeidh an soláthraí bunaithe in Éirinn ar choinníoll gurb in Éirinn a oibríonn cuid mhór den lucht saothair a bhfuil baint aige le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc.

iv) Mura bhfuil an soláthraí seirbhísí meán bunaithe in Éirinn faoi (i), (ii) nó (iii) thuas, beidh an soláthraí faoi dhlínse na hÉireann má tá an soláthraí bunaithe in Éirinn de réir bhrí Airteagail 49 go 55 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"). Ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 54 de CFAE go gcaithfear le cuideachtaí nó gnólachtaí arna mbunú i gcomhréir le dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó laistigh den Aontas Eorpach ar an mbealach céanna agus a chaitear le náisiúnaigh de Bhallstáit, maidir le cuideachta a ionchorpraíodh i gcomhréir le dlí na hÉireann agus a bhfuil a hoifig chláraithe, a hoifig lárnach nó a príomháit ghnó in Éirinn, is in Éirinn a bheidh sí bunaithe chun críocha Acht 2009.

Bonn eile ar a bhféadfadh soláthraí seirbhísí meán a bheith faoi dhlínse na hÉireann, is infheidhme é maidir le soláthraithe a úsáideann uasnasc satailíte nó acmhainneacht satailíte. Beidh soláthraí seirbhíse meán den sórt sin faoi dhlínse na hÉireann más amhlaidh a leanas:

- Úsáideann an soláthraí uasnasc satailíte atá suite in Éirinn, nó
- Úsáideann an soláthraí acmhainneacht satailíte is infheidhme maidir le hÉirinn.

| | |
|---|---|
| "soláthraí seirbhísí meán" | ciallaíonn sé sin duine a chuireann seirbhís meán closamhairc ar fáil. |
| "cinntí eagarthóireachta ábhartha" | ciallaíonn sé sin cinntí eagarthóireachta maidir leis an tseirbhís meán closamhairc lena mbaineann. |
| "soláthraí seirbhísí meán ábhartha" | ciallaíonn sé sin soláthraí seirbhísí meán closamhairc ar éileamh is –<br>(a) corparáid, nó fochuideachta de chorparáid,<br>(b) conraitheoir craolacháin, nó<br>(c) duine a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha i bhfo-alt (2) agus ar mó a dhíolacháin bhliantúla a dhíorthaítear ó ghníomhaíochtaí dá dtagraítear san fho-alt sin ná €2 mhilliún.<br><br>Sonraítear i bhfo-alt (2) gurb iad na coinníollacha dá dtagraítear i mír (c):<br><br>(a) go bhfoilsíonn an duine nó duine gaolmhar[1] nuachtán nó tréimhseachán arb é atá iontu go substaintiúil nuacht agus tráchtaireacht ar chúrsaí reatha;<br>(b) gur craoltóir an duine nó duine gaolmhar;<br>(c) go gcuireann an duine nó duine gaolmhar bunábhar clár ar fáil arb é atá ann go substaintiúil nuacht agus tráchtaireacht ar chúrsaí reatha do chraoltóir; nó<br>(d) go gcuireann an duine nó duine gaolmhar aon ábhar scríofa, fuaime, closamhairc nó grianghrafadóireachta ar fáil ar líonra cumarsáide leictreonaí, arb é atá ann go substaintiúil nuacht agus tráchtaireacht ar chúrsaí reatha, atá faoina rialú eagarthóireachta. |
| "CFAE" | ciallaíonn sé sin an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. |

[1] Is duine gaolmhar é má tá an duine mar chuid den ghrúpa céanna cuideachtaí (de réir na brí a thugtar don téarma sin le section 8, Companies Act 2014).

| | |
|---|---|
| “uaslódálaí físeán” nó “ físbhlagálaí” | Seirbhísí meán tráchtála físeán ar éileamh a dháileann ábhar meán closamhairc trí sheirbhís ardáin físeán tríú páirtí. |
| “seirbhís ardáin comhroinnte físeán” | ciallaíonn sé sin seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sa chás —<br>(a) go bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse tiomnaithe do, nó<br><br>(b) go bhfuil príomhchuspóir cuid indealaithe den tseirbhís tiomnaithe do, nó<br><br>(c) go bhfuil feidhmiúlacht fhíor-riachtanach na seirbhíse tiomnaithe do,<br>chláir chlosamhairc nó físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí, nó an dá rud, a chur ar fáil, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt.<br><br>Is seirbhís ardáin comhroinnte físeán é seirbhís ach amháin más amhlaidh:<br><br>(a) nach bhfuil rialú éifeachtach ag soláthraí na seirbhíse ar rogha na gclár agus na bhfíseán……ach<br><br>(b) cinneann sé an chaoi a n-eagraítear iad, trí mhodhanna uathrialacha nó algartaim (lena n-áirítear taispeáint, clibeáil nó seicheamhú) nó modhanna eile. |

## 2. Réamhrá

Ar cheann de na hoibleagáidí a tugadh don Choimisiún le hAcht 2009 bhí Clár Soláthraithe Seirbhísí Meán ("Clár") a chur ar bun agus a choinneáil ar bun. Cuireadh idirthréimhse fhada ar fáil le hAcht 2009 lena cheadú do sholáthraithe seirbhísí meán teacht ar an eolas faoi na ceanglais reachtúla maidir le fógra a thabhairt agus ina dhiaidh sin lena chur ar chumas na soláthraithe seirbhísí meán siúd atá faoi réir clárúcháin na fógraí riachtanacha a thabhairt don Choimisiún i gcomhréir le halt 46B d'Acht 2009.

Ó chuaigh an idirthréimhse in éag, tá an Coimisiún faoi réir dualgas reachtúil anois Clár na Soláthraithe Seirbhísí Meán atá faoi réir clárúcháin a fhoilsiú. D'fhoilsigh an Coimisiún an chéad leagan den Chlár an 30 Samhain 2023, agus tá an Clár reatha, a foilsíodh an 2 Eanáir 2024, ar fáil anseo. Tá oibleagáid reachtúil leanúnach ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil an Clár cothrom le dáta agus cruinn, rud lena gcuimsítear mar is gá oibleagáid lena áirithiú gur cuireadh gach soláthraí seirbhísí meán atá faoi réir clárúcháin san áireamh.

## 3. Dualgais na Soláthraithe Seirbhísí Meán Fógra a Thabhairt don Choimisiún

De bhun alt 46A d'Acht 2009, is gá don Choimisiún Clár Soláthraithe Seirbhísí Meán a chur ar bun agus a choinneáil ar bun.

Tá soláthraí seirbhísí meán faoi réir clárúcháin más amhlaidh:

a. tá sé *"faoi dhlínse an Stáit"*, agus

b. cuireann sé *"seirbhís meán closamhairc ar éileamh"* ar fáil.

Mínítear na téarmaí sin i gCuid 1 "Léirmhíniú" de na Treoirlínte seo. Tá oibleagáidí comhfhreagracha ar sholáthraithe seirbhísí meán fógraí a thabhairt don Choimisiún maidir le heolas sonraithe chun críocha an phróisis clárúcháin.

## 4. Clárúchán

Tá Rialacha Clárúcháin le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Meán leagtha síos ag an gCoimisiún ("na Rialacha Clárúcháin"). Is féidir na Rialacha Clárúcháin sin a fheiceáil anseo.

De bhun Riail 2 de na Rialacha Clárúcháin, áireofar an t-eolas seo a leanas maidir le gach soláthraí seirbhísí meán atá faoi réir clárúcháin i gClár na Soláthraithe Seirbhísí Meán arna chur ar bun agus arna choinneáil ar bun ag an gCoimisiún:

(a) Ainm nó ainmneacha an tsoláthraí seirbhísí meán.

(b) Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhísí meán mar a tugadh fógra don Choimisiúin fúthu.

(c) Ainm nó ainmneacha gach seirbhíse meán closamhairc ar éileamh arna cur ar fáil ag an soláthraí seirbhísí meán.

(d) I ngach cás, cur síos ar chineál na seirbhíse agus cineál an ábhair arna chur ar fáil ag an tseirbhís.

(e) Ráiteas ar an mbonn ar a measann an soláthraí seirbhísí meán go bhfuil sé faoi dhlínse an Stáit.

(f) Cibé nithe breise nó eile a d'fhéadfadh an Coimisiún a leagan síos a thuilleadh.

# 5. Fógra a thabhairt

Leag an Coimisiún síos i Riail 3 de na Rialacha Clárúcháin freisin go bhfuil sé de cheangal ar gach soláthraí seirbhísí meán fógra, i scríbhinn, a thabhairt don Choimisiún ina bhfuil an t-eolas céanna a liostaítear i Riail 2(a) go (f) thuas agus áireofar an t-eolas sin sa Chlár. Leis an eolas éigeantach sin nach mór a áireamh i bhfógra, ní chuirtear srian ná cosc ar sholáthraí seirbhísí meán eolas breise a chur ar fáil don Choimisiún, ar eolas é a mheastar a bheith ábhartha dá fhógra. Tá leagan Microsoft Word den Fhoirm um Fhógra ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin anseo.

Tá eolas ábhartha sna Rialacha Clárúcháin freisin maidir leis na dualgais nach mór do sholáthraithe seirbhísí a chomhlíonadh agus maidir le cumhachtaí reachtúla an Choimisiúin i ndáil leis an bpróiseas clárúcháin.

# 6. Seirbhísí Meán Closamhairc Ar Éileamh – Critéir agus Raon Feidhme

## 6.1 Príomhchuspóir

Mar a leagtar amach thuas sna Treoirlínte seo, le halt 2 d'Acht 2009 sainmhínítear *"seirbhís meán closamhairc"* mar a leanas:

*"....seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sa chás –*

*(a) go bhfuil **príomhchuspóir** na seirbhíse tiomnaithe do, nó*

*(b) go bhfuil príomhchuspóir **cuid indealaithe** den tseirbhís tiomnaithe do,*

*chláir chlosamhairc a chur ar fáil, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt."*

Go ginearálta, tagróidh riachtanas an *"phríomhchuspóra"* do phríomhghníomhaíocht na seirbhíse nó do chuid indealaithe den tseirbhís. Ceanglaítear gurb é an príomhchuspóir cláir chlosamhairc a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, is cláir atá beartaithe le heolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt, agus ar an mbealach sin, ceanglaítear go ndéanfaí machnamh ar a mhéid a fhorbraítear an tairiscint thart ar chláir chlosamhairc a chur ar fáil.

Tá sé i gceist leis an sainmhíniú go bhféadfadh soláthraí seirbhísí meán roinnt seirbhísí a chur ar fáil a bhfuil cuspóirí éagsúla leo agus/nó go bhféadfadh sé cuid nó codanna indealaithe a chuimsíonn tairiscint closamhairc a chur ar fáil. Ós rud é gurb é is rún don Treoir ábhar closamhairc a rialú, tá an dearcadh curtha in iúl ag an gCúirt Eorpach nach gciallaíonn riachtanas an *"phríomhchuspóra"* maidir le hoibreoir a chuireann seirbhísí líonmhara ar fáil, lena n-áirítear roinnt ábhar closamhairc, nach mbeidh sé faoi réir na Treorach mura rud é gurb í an tseirbhís closamhairc príomhsheirbhís nó seirbhís cheannasach an oibreora.[2] Dá mba rud é gurbh amhlaidh an cás, d'fhéadfadh oibreoirí ilmheán a chuireann seirbhís meán closamhairc ar éileamh ar fáil ceanglais na Treorach a sheachaint ach seirbhísí eile a chur ar fáil nach mbaineann le cláir chlosamhairc.

Dá bhrí sin, is iondúil go nglacann an Coimisiún cur chuige oiriúnaithe bunaithe ar shaintréithe sonracha an oibreora agus go ndéanann sé breithniú ar na seirbhísí uile a chuireann an t-oibreoir ar fáil ar mhaithe lena

[2] New Media Online GmbH; C-347/14, 2015; 709

gcuspóirí sonracha a ualú agus lena chinneadh ar an mbealach sin cibé acu atá an clársceidealú closamhairc teagmhasach nó coimhdeach maidir leis na seirbhísí eile a chuirtear ar fáil nó cé acu atá nó nach bhfuil foirm agus ábhar an chlársceidealúcháin closamhairc neamhspleách ar na seirbhísí eile a chuireann an t-oibreoir ar fáil agus éagsúil leo.

Féachfaidh an Coimisiún do na táscairí seo a leanas (liosta neamh-uileghabhálach) le linn dó measúnú a dhéanamh ar phríomhchuspóir na seirbhíse nó cuid indealaithe di:

(a) cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an tseirbhís nó cuid indealaithe di tagairt di féin mar sheirbhís a chuireann cláir ar fáil, agus an chaoi a margaíonn sí í féin maidir lena hiomaitheoirí;

b) cineál agus méid aon cheangail idir na cláir agus an t-ábhar eile atá ar fáil ar an tseirbhís níos leithne, agus go háirithe a mhéid is gné theagmhasach nó choimhdeach den tairiscint níos leithne é an t-ábhar clársceidealúcháin seachas seirbhís neamhspleách;

c) a mhéid is gá féachaint ar na cláir chun an t-eolas, oideachas nó siamsaíocht atáthar a chur ar fáil a fháil;

d) feiceálacht na gclár laistigh den tseirbhís níos leithne ag féachaint do chur i láthair na seirbhíse agus don chaoi a n-eagraítear í go háirithe;

e) cainníocht agus cion an ábhair clársceidealúcháin i gcomparáid leis na cineálacha eile ábhair atá ina chuid den tseirbhís níos leithne, ó thaobh dearbhuimhreacha agus am féachana de araon; agus

f) an tábhacht, don tomhaltóir go háirithe, a bhaineann leis na cláir laistigh den tseirbhís nó den chuid indealaithe – mar shampla, cibé acu is é an t-ábhar clársceidealúcháin atá mealltach don tseirbhís den chuid is mó nó tá an t-ábhar sin ar cheann de phríomhbhuntáistí an tsíntiúis.

Tá sé i gceist le critéir an *“phríomhchuspóra”* ina dhiaidh sin gurb é is cuspóir don ábhar meán closamhairc eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt don phobal i gcoitinne. Ar an gcúis sin, maidir le físeáin nach bhfuil ach cuspóir tráchtála amháin acu, amhail fógraí nó ábhar físeáin fógraíochta gearr eile atá scartha ó aon ábhar meán eile agus nach bhfuil ina chuid den ábhar sin, is iondúil nach dtiocfaidh siad faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar *“sheirbhís meán closamhairc”*.

## 6.2 Cuid Indealaithe

D’fhéadfadh seirbhís aonair a bheith ina seirbhís meán closamhairc ar éileamh ina hiomláine nó d’fhéadfadh cuid nó codanna ar leith a bheith i gceist le seirbhís arb é is príomhchuspóir dóibh cláir a chur ar fáil agus ar an mbealach sin, is seirbhís meán closamhairc ar éileamh atá i gceist leis an gcuid/na codanna. D’fhéadfaí a áireamh ar chuid indealaithe fofhearann den airí gréasáin, táb nó leathanach gréasáin ar leith, cuid ar leith d’aip nó athróg eile den sórt sin. Mar sin féin, ní hiad gnéithe teicniúla ná dearadh táirgí na tosca cinntitheacha maidir le cinneadh a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil cuid de sheirbhís ina cuid indealaithe.

Ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach seirbhís ar bhonn cás ar chás. D’fhéadfadh sé a bheith tábhachtach breithniú a dhéanamh ar a mhéid a chuirtear cláir laistigh de chuid áirithe den tseirbhís ar fáil dá luach féin mar ghné neamhspleách, seachas ó tharla iad a bheith teagmhasach nó coimhdeach le cineálacha eile ábhair ar an tseirbhís. D’fhéadfaí ailtireacht agus leagan amach foriomlán na coda indealaithe a dhearadh go príomha chun úsáideoirí a spreagadh le féachaint ar ábhar físeáin seachas cineálacha eile ábhair. D’fhéadfadh sé a bheith ábhartha freisin breithniú a dhéanamh ar dhearcadh an úsáideora ar an tseirbhís, lena n-áirítear, mar shampla, cé acu atá nó nach bhfuil difríocht cháilíochtúil idir an chuid indealaithe agus codanna eile den tseirbhís maidir lena cuspóir, ábhar agus foirm.

Cé gurb iondúil go mbíonn[3] suíomhanna gréasáin nuachtán lasmuigh de raon feidhme na Treorach, is amhlaidh is minice anois a chuireann suíomhanna gréasáin den sórt sin rannán indealaithe físeán ar éileamh ar fáil is féidir feidhmiú mar sheirbhís closamhairc ar éileamh. I gcás ina bhfuil ábhar agus feidhm uathrialach nó neamhspleách ag an rannán físeán de shuíomh gréasáin den sórt sin ar na hailt scríofa ar an tseirbhís, is dócha go bhféachfar ar an ábhar físeáin mar sheirbhís closamhairc ar éileamh atá indealaithe.[4] Ar an taobh eile, i gcás ina bhfuil an t-ábhar físeáin leabaithe san ábhar eagarthóireachta sa chaoi go bhfuil sé coimhdeach leis an bpríomhghníomhaíocht a bhaineann le nuacht a chur ar fáil i bhfoirm scríofa, nó go gcomhlánaíonn sé an phríomhghníomhaíocht ar bhonn indealaithe, ní thiocfadh an t-ábhar físeáin faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar sheirbhís meán closamhairc.

## 6.3 Freagracht eagarthóireachta

Sainmhínítear freagracht eagarthóireachta mar a leanas:

*"rialú éifeachtach –* *(a)* *ar* ***rogha*** *na gclár, agus*

*(b)* *ar an gcaoi a* ***n-eagraítear*** *iad i sceideal clár nó i gcatalóg*".

Dá bhrí sin, is iad rogha agus eagrú an dá ghné den sainmhíniú

Le *"rogha"* ceanglaítear go mbeadh an chumhacht nó an t-údarás ag an soláthraí chun cinneadh a dhéanamh maidir le cineál nó foirm an ábhair closamhairc a bheidh ar fáil lena chraoladh ar a sheirbhís. Ar an taobh eile, le *"[h]eagrú"* ceanglaítear go mbeadh an chumhacht nó an t-údarás ag an soláthraí chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a suífear ábhar den sórt sin nó an chaoi a dtiocfaidh sé chun cinn laistigh dá sheirbhís. Ní cheanglaítear ar an soláthraí le ceachtar de na gnéithe sin den sainmhíniú rialú iarbhír a fheidhmiú ar aon chlár nó ábhar sonrach a chraoltar in aon chás ar leith ná gach clár a chraoltar a bheith údaraithe go sainiúil aige. Is iomchuí a chinntear freagracht eagarthóireachta chun críocha Acht 2009 ag an bpointe a roghnaítear agus n-eagraítear an t-ábhar. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear léi rialú ar ábhar clár aonair ná ar dháileadh na seirbhíse. Níl sé i gceist le rialú éifeachtach ach oiread nach mór don soláthraí a rialú a fheidhmiú go pearsanta ach gach cinneadh maidir le clársceidealú nó ábhar a dhéanamh. Ina ionad sin, tá rialú éifeachtach leathan go leor chun cásanna a chuimsiú ina bhfuil an chumhacht nó an t-údarás ag an soláthraí chun cinntí a dhéanamh maidir le rogha agus eagrú, cé nach bhféadfadh an soláthraí an chumhacht sin a fheidhmiú i gcásanna aonair. Tá sé ábhartha freisin go n-áirítear sa sainmhíniú ar *"fhreagracht eagarthóireachta"* in Airteagal 19(c) de Treoir AVMS an soiléiriú "*[nach] gá go dtugtar le fios le freagracht eagarthóireachta aon dliteanas dlíthiúil faoin dlí náisiúnta as an ábhar nó as na seirbhísí a chuirtear ar fáil."*

## 6.4 An Pobal i gCoitinne

Ní cheanglaítear le forálacha ábhartha Acht 2009 ná le hairteagail Threoir AVMS go mbeadh seirbhís meán closamhairc ar éileamh inrochtana do gach ball den phobal. Bíonn cláir ar fáil don phobal i gcoitinne má bhíonn an t-ábhar inrochtana don saol mór seachas do dhaoine ar leith. Ní cheanglaítear leis sin nach mbeadh aon srian ná aon choinníoll ann maidir le rochtain den sórt sin. Mar shampla, is gnách go mbeadh srian ar rochtain ar chineálacha áirithe clár le ceanglais aoise agus go mbeadh rochtain ar ábhar áirithe faoi réir táillí a íoc nó síntiúis. Ní dhéanann na srianta sin difear don sainmhíniú reachtúil ar sheirbhís meán

---

[3] I gcás nach 'soláthraí seirbhísí meán ábhartha' é soláthraí shuíomh gréasáin an nuachtáin mar a shainmhínítear é sin in Acht 2009.

[4] Ar choinníoll go bhfuil príomhchuspóir na **coda indealaithe** den tseirbhís tiomnaithe do chláir chlosamhairc a chur ar fáil, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt.

closamhairc ar éileamh. Mar sin féin, ní dócha go dtiocfadh cumarsáid idir cairde ar shuíomhanna meán sóisialta físeánbhunaithe atá beartaithe le bheith príobháideach faoi raon feidhme na reachtaíochta. Ar an mbealach céanna, maidir le hábhar físeáin atá dírithe go cúng ar eolas a scaipeadh faoi eagraíocht ar a comhaltaí, ní dócha go measfar go mbeidh sé ar fáil don phobal i gcoitinne.

Ní mór ábhar a bheith ar fáil go díreach nó go hindíreach don phobal i gcoitinne i mBallstát amháin nó níos mó do thomhaltóirí a úsáideann gnáth-threalamh.[5] Baineann sé sin le seirbhísí meán closamhairc freisin, cibé acu a dháiltear ar an idirlíon iad nó nach ndáiltear, is seirbhísí a bhfaightear rochtain orthu trí ardáin dáileacháin, amhail cábla digiteach, líonraí sonraí móibíleacha nó IPTV agus seirbhísí nach féidir a fháil ach trí úsáid a bhaint as gléasanna amhail bosca bairr, ríomhaire táibléid nó seinnteoir físchluichí.

Treorófar na measúnuithe sa réimse seo leis na fíorais shonracha a ghabhann le gach cás. D’fhéadfadh sé a bheith oiriúnach féachaint ar an líon daoine a fhaigheann rochtain ar an ábhar, chomh maith leis an gcumas chun rochtain a fháil ar an ábhar ar bhonn níos forleithne. De bharr go mbaineann seirbhís meán leis na meáin ollchumarsáide ó nádúr, ní mór go mbeadh sí in ann tionchar soiléir a imirt ar chion mór den phobal. Soláthraithe a bhfuil a n-ardáin féin acu, i bhfianaise eagrú agus chuspóir a seirbhíse, féadfaidh siad an critéar sin a chomhlíonadh go héasca. I gcás uaslódálaithe físeán, áfach, níl sé sin follasach, fiú má úsáideann siad seirbhís ardáin físeán atá inrochtana d’aon duine i bprionsabal.

## 6.5 Catalóg

Úsáidtear an téarma *“catalóg”* chun cur síos a dhéanamh ar eagrú míreanna ábhair a ordaítear sa chaoi gur féidir leis an úsáideoir rochtain a fháil orthu go héasca trí mhodh aitheanta, mar shampla, is féidir rochtain a fháil ar an ábhar closamhairc trí réimse clár ónar féidir leis an úsáideoir rogha a dhéanamh maidir le cad féachaint air agus cathain. Leis an gceanglas nach mór seirbhís meán ar éileamh a bheith bunaithe ar chatalóg, glactar leis gurb é an soláthraí atá freagrach as an ábhar meán closamhairc a chuirtear ar fáil a innéacsú nó a chatagóiriú. Léirmhínítear an téarma “catalóg” go leathan, rud a chiallaíonn gur féidir le catalóg a bheith ann i gcás ina bpostálann uaslódálaí físeán ábhar ar sheirbhís ardáin físeán agus i gcás ina mbíonn tionchar níos lú ag an uaslódálaí físeán ar an gcatagóiriú agus innéacsú beacht.

Ar chaoi ar bith, glacfar le catalóg a bheith ann más ann d’fheidhm chuardaigh, catagóiriú áirithe (mar shampla, ar bhonn ábhair amhail seánra scannáin, spórt, nuacht, siamsaíocht, etc., nó in ord aibítre nó croineolaíoch), nó catagóiriú ar bhonn tóra, dáta postála an ábhair meán, nó bunaithe ar ábhar ar fhéach an t-úsáideoir air roimhe seo (bunaithe ar algartam). Mar sin, le catalóg a chur ar bun, glactar le méid áirithe ábhair meán closamhairc agus dá réir sin, an gá atá lena dhéanamh inrochtana trí bhíthin uirlise. Féadfaidh níos mó ná catalóg amháin a bheith ag soláthraí seirbhísí meán ar éileamh. Sampla is ea na catalóga atá ag seirbhísí sruthaithe áirithe, a d’fhéadfadh a bheith comhdhéanta ar bhealaí éagsúla le haghaidh gach margaidh náisiúnta a ndírítear air.

## 6.6 Seirbhís eacnamaíoch

Ní mór seirbhís meán tráchtála ar éileamh a bheith ina seirbhís eacnamaíoch, rud a chiallaíonn gurb iondúil go gcuirfear an tseirbhís ar fáil ar íocaíocht nó buntáiste ábhartha eile. Leanann sé sin ó Airteagal 1(a) de Threoir AVMS, ina sainmhínítear an téarma *“seirbhís meán closamhairc”* mar sheirbhís de réir bhrí Airteagail

---

[5] Tuigtear gurb é an rud atá i gceist le gnáth-threalamh ná trealamh atá ar fáil don tomhaltóir, ag brath ar an gcaighdeán, an bunphraghas agus infhaighteacht na mbogearraí agus na gcrua-earraí riachtanacha. Maidir le trealamh arb iondúil nach n-úsáideann ach páirtithe gairmiúla é - mar shampla, i ngeall ar an mbunphraghas ard nó na ceangail, an teicneolaíocht nó na bogearraí riachtanacha nach bhfuil ar fáil ach go pointe teoranta -ní mheastar, i bprionsabal, gur gnáth-threalamh do thomhaltóirí é.

56 agus 57 de CFAE. Foráiltear le hAirteagal 57 go meastar gur *"seirbhísí"* iad seirbhísí i gcás ina gcuirtear ar fáil ar íocaíocht iad. Féadfaidh foirmeacha eile a léiríonn luach trádála amhail táirgí agus seirbhísí a chur ar fáil saor in aisce nó íocaíochtaí comhchineáil eile a bheith i gceist le híocaíocht. Soláthraithe a ghineann ioncam ach fógraíocht nó urraíocht a áireamh ina gcuid ábhair meán nó timpeall air, cuireann siad a oiread céanna de sheirbhís eacnamaíoch ar fáil agus a chuireann soláthraithe a chuireann a gcuid ábhair meán ar fáil ar íocaíocht. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach gá gur brabús is bunchúis ag an soláthraí seirbhísí.

## 6.7 Seirbhís Athdheise

Meastar le fada an lá go bhfuil seirbhísí teilifíse athdheise ina sciar tábhachtach substaintiúil de na seirbhísí físe ar éileamh atá ar fáil san Eoraip.[6] Is é an sainmhíniú a úsáideann bunachar sonraí MAVISE ar sheirbhísí teilifíse athdheise ná "cláir nua arna gcur ar fáil ag craoltóir tar éis a gcraolta tosaigh agus le linn tréimhse theoranta ama". Le seirbhísí teilifíse athdheise, dá bhrí sin, cuirtear ar chumas úsáideoirí féachaint ar chláir theilifíse dá rogha féin pé uair is mian leo ar feadh tréimhse ghearr ama — go hiondúil idir 7 agus 30 lá — i ndiaidh a gcraolta. Seirbhís athdheise craolacháin ar chainéal teilifíse, cibé acu a chuirtear cláir ar fáil ó shuíomh gréasáin brandáilte féin an chraoltóra, ar sheirbhís ar líne is seinnteoir comhbhailithe meán, nó trí 'ardán teilifíse' chuig bosca bairr atá nasctha le teilifís, comhlíonann sí an sainmhíniú ar sheirbhís meán closamhairc ar éileamh. Ní bhíonn tionchar ag an tréimhse ama a chuirtear ábhar ar fáil ar an sainmhíniú ar sheirbhís meán closamhairc ar éileamh.

## 6.8 Teacht le chéile seirbhísí meán físeán ar éileamh agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina dtagann seirbhísí meán closamhairc ar éileamh (VODS) agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán (VSPS) le chéile. Áirítear an méid seo a leanas ar shamplaí de sin:

- Féadfaidh soláthraí dhá sheirbhís a chur ar fáil – i gcás seirbhís amháin, roghnaíonn an soláthraí an réimse ábhair closamhairc atá ar fáil agus an chaoi a n-eagraítear é laistigh den réimse sin (VODS), agus i gcás na seirbhíse eile, rialaíonn an soláthraí eagrú an ábhair sin ach ní rialaíonn sé rogha an ábhair (VSPS).
- Féadfaidh cuid indealaithe is VODS a bheith ag ardán comhroinnte físeán.
- Féadfaidh an t-ábhar céanna a bheith ar VSPS agus atá ar VODS, mar shampla, i gcás ina ndéanann eagraíochtaí meán físeáin aonair a uaslódáil chuig VSPS, mar a dhéanfadh aon úsáideoir eile.
- I gcásanna sonracha, féadfar VODS a óstáil ar VSPS. Mar shampla, féadfar VODS arna chur ar fáil ag eagraíocht meán a thairiscint trí ardán comhroinnte físeán, nó féadfaidh uaslódálaí físeán VODS a chur ar fáil ar chainéal ar leith arna óstáil ag an VSPS.

## 6.9 Cineálacha seirbhísí laistigh den raon feidhme

Mar gheall ar an éagsúlacht leathan ábhair, seirbhísí agus samhlacha gnó atá ar fáil do sholáthraithe seirbhísí meán, is neamhréalaíoch seicliosta simplí a chur ar fáil chun na seirbhísí a thiocfaidh laistigh den sainmhíniú reachtúil a chinneadh. Ní mór do gach soláthraí seirbhísí meán a mheasúnú féin a dhéanamh ar chur i

[6] Sa tuarascáil ón bhFaireachlann Eorpach Chlosamhairc dar teideal "*Origin and Availability of On-Demand Services in the European Union*" [Bunús agus Infhaighteacht Seirbhísí Ar Éileamh san Aontas Eorpach] a foilsíodh i mí na Samhna 2015, maíodh go raibh 25% de na seirbhísí meán closamhairc ar éileamh uile san Aontas i gceist le seirbhísí teilifíse athdheise.

bhfeidhm na gcritéar reachtúil i gcomhairle leis na Rialacha agus na Treoirlínte arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún. Tá sé de fhreagracht ar sholáthraithe seirbhísí, ar an gcéad dul síos, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil a seirbhís faoi réir clárúcháin agus an creat rialála le haghaidh seirbhísí meán closamhairc ar éileamh a chomhlíonadh. Mar threoir ghinearálta, is féidir a bheith ag súil leis go dtiocfaidh na cineálacha seirbhísí seo a leanas faoi raon feidhme an tsainmhínithe go ginearálta:

- Seirbhísí meán closamhairc ar éileamh atá bunaithe ar shíntiús ina bhfuil ábhar dílsithe agus/nó tríú páirtí.
- Seirbhísí atá bunaithe ar idirbhearta a chuireann cláir ar fáil lena sruthú agus/nó lena n-íoslódáil ar bhonn aonair/cuaiche.
- Seirbhísí comhbhailithe a bhailíonn réimse seirbhísí closamhairc ar éileamh le chéile agus a chuireann ar fáil iad trí chomhéadan úsáideora, suíomh gréasáin, aip nó ardán aonair.[7]
- 'Seinnteoirí meán' arb iondúil go mbaineann siad le craoltóirí a chuireann seirbhís athdheise ar fáil le haghaidh ábhar a craoladh cheana féin, agus/nó ábhar nach bhfuil ar fáil ach ar an seinnteoir, agus/nó boscraí etc.
- Ábhar físbhlagálaí nó uaslódálaí físeán arb é atá ann ná seirbhísí tráchtála físeán nó seirbhísí meán closamhairc eile ar éileamh a dháileann ábhar meán closamhairc trí sheirbhís ardáin físeán tríú páirtí.
- Codanna indealaithe de shuíomhanna gréasáin/aipeanna nuachta a chuireann catalóg d'ábhar closamhairc ar leith ar fáil.

Tabhair do d'aire nach liosta uileghabhálach é sin agus nach léirítear ann ach na cineálacha seirbhísí a d'fhéadfadh teacht faoin sainmhíniú reachtúil agus a bheadh faoi réir clárúcháin dá bhrí sin ar choinníoll go mbeadh an soláthraí seirbhísí faoi dhlínse an Stáit.

# 7. Dualgais, Cóid agus Rialacha is infheidhme maidir le Soláthraithe Seirbhísí Meán

Beidh soláthraithe seirbhísí meán cláraithe faoi réir na ndualgas, na gcód agus na rialacha seo a leanas mar a liostaítear i gCuid 3B d'Acht 2009.

## 7.1 Dualgais

- **Díobháil, col, gríosú, agus údarás an Stáit**[8]
  Soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, ní chuirfidh siad aon ní ar fáil, i gcatalóg de sheirbhís, aon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur ní is cúis le díobháil nó col míchuí, nó gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú, iompar a thagann laistigh d'Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541[9] maidir le sceimhlitheoireacht a chomhrac, ar dócha go ngríosóidh sé foréigean nó fuath i leith grúpa daoine nó ball de ghrúpa, nó atá dírithe ar dhochar a dhéanamh d'údarás an Stáit.

[7] Measann an Coimisiún go bhféadfadh roinnt seirbhísí meán closamhairc éagsúla ar éileamh nó codanna indealaithe/cainéil a áireamh ar sheirbhís comhbhailiúcháin ábhair a gcuireann gach ceann díobh a n-ábhar sainiúil féin ar fáil, cibé acu ar bhonn síntiúis nó idirbhirt. Féadfaidh comhbhailitheoir ábhair a bheith ina sheirbhís closamhairc ar éileamh as féin freisin má tá freagracht eagarthóireachta air as a ábhar. Cibé acu is seirbhís meán closamhairc ar éileamh aisti féin atá i gceist le hábhar ar leith nó cuid indealaithe/cainéal atá ar fáil trí sheirbhís comhbhailiúcháin, ní mór scrúdú a dhéanamh air sin ar bhonn cás ar chás agus measúnú á dhéanamh ar chineál agus ábhar na seirbhíse féideartha lena chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sí indealaithe go leor ón tseirbhís comhbhailiúcháin lena meas mar sheirbhís aisti féin.

[8] Alt 46J
[9] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32017L0541

- **Príobháideachas**[10]
  Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh nach ndéanfar, i gcláir a áirítear i gcatalóg, agus sna modhanna a úsáidtear chun na cláir sin a dhéanamh, cúngú míréasúnach ar phríobháideachas aon phearsan aonair.

- **An nuacht agus cúrsaí reatha**[11]
  Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, i gcláir a chuirtear ar fáil i gcatalóg den tseirbhís ábhartha:

  (a) go ndéanfar an nuacht a thuairisciú agus a chur i láthair ar bhealach oibiachtúil agus neamhchlaonta agus gan aon tuairim de chuid an tsoláthraí a chur in iúl, agus
  (b) go ndéanfar, nuair atáthar ag déileáil le cúrsaí reatha, lena n-áirítear ábhair is ábhair conspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta poiblí i láthair na huaire, cothrom na féinne a thabhairt do na leasanna uile lena mbaineann, agus go gcuirfear i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta iad gan aon tuairim de chuid an tsoláthraí féin a chur in iúl.

  Murab infheidhmithe na hoibleagáidí in (b) thuas a chomhlíonadh i gclár aonair, féadfar dhá chlár ghaolmhara nó níos mó a mheas mar aon aonad amháin más rud é go gcuirtear na cláir ar fáil ar an mbealach céanna ar an tseirbhís ábhartha laistigh de thréimhse réasúnach ó chéile.

  Leis na hoibleagáidí thuas maidir leis an nuacht agus cúrsaí reatha, ní chuirtear cosc ar sholáthraí cláir páirtí polaitíochta a chur ar fáil i gcatalóg ábhartha ar choinníoll nach dtugtar tosaíocht éagórach d’aon pháirtí polaitíochta ar leith agus na cláir sin á suíomh i gcatalóg na seirbhíse ábhartha.

- **Fógraíocht**[12]
  Féadfar fógraí a áireamh i gclár a chuirtear ar fáil i gcatalóg de sheirbhís meán closamhairc ar éileamh.

  Mar sin féin, ní ceadmhach do sholáthraí seirbhísí meán ábhartha na cineálacha fógraí seo a leanas a chur ar fáil i gcatalóg den tseirbhís ábhartha:

  - fógra ina ndírítear ar chuspóir polaitíochta,
  - fógra ag a bhfuil aon bhaint le díospóid tionscail, nó
  - fógra ina dtugtar aghaidh ar an tuillteanas nó ní eile a bhaineann le creideamh reiligiúnach nó creidiúint nó le bheith ag teacht chun bheith ina bhall d’aon reiligiún nó eagraíocht reiligiúnach.

  Leis an toirmeasc ar fhógraí ina ndírítear ar chuspóir polaitiúil nó ag a bhfuil aon bhaint le díospóid tionscail, ní chuirtear cosc ar sholáthraí seirbhísí meán ábhartha cláir páirtí polaitíochta a chur ar fáil i gcatalóg de sheirbhís ábhartha ar choinníoll nach dtugann an soláthraí seirbhísí meán ábhartha tosaíocht éagórach d’aon pháirtí polaitíochta ar leith agus na cláir sin á suíomh i gcatalóg na seirbhíse ábhartha.

  Ní infheidhme an toirmeasc ar fhógraí ina ndírítear ar chuspóir polaitiúil nó ag a bhfuil aon bhaint le díospóid tionscail maidir le fógraí a chuirtear ar fáil i gcatalóg de sholáthraí seirbhísí meán ábhartha arna iarraidh sin don Choimisiún Toghcháin i ndáil le reifrinn (de bhun alt 31 den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022).

---

[10] Alt 46K
[11] Alt 46L
[12] Alt 46M d’Acht 2009.

## 7.2 Cóid maidir le Seirbhísí Meán

Údaraítear an Coimisiún chun cóid *("Cóid maidir le Seirbhísí Meán")* a dhéanamh lena rialaítear caighdeáin agus cleachtais craoltóirí agus soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.[13] Tá cóid a bheidh infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí meán agus leo siúd amháin á dtabhairt chun críche faoi láthair agus tá coinne leis go gcuirfear na cóid sin i bhfeidhm sa dara leath de 2024. Cuirtear síos ar na réimsí lena mbainfidh na cóid sin thuas.[14] Leis na cóid féadfar foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin agus cleachtais lena áirithiú:

- go gcosnaítear an lucht féachana nó éisteachta ar aon ní dochrach nó colúil go míchuí agus, go háirithe, go gcuirtear bunábhar clár a bhaineann le foréigean gan údar nó le hiompar gnéasach i láthair leis an íogaireacht chuí d'áitiúis agus do mhothúcháin an lucht éisteachta agus ar bhealach arb iondúil nach gcloisfidh ná nach bhfeicfidh leanaí aon ní a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá bhforbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta; agus

- go gcosnófar leasanna an lucht féachana nó éisteachta agus go gcosnófar leasanna leanaí le cumarsáid fógraíochta.

Féadfar a áireamh i gcóid maidir le seirbhísí meán caighdeáin agus cleachtais chun ionadaíocht inscne chothrom na rannpháirtithe a chur chun cinn i gcláir nuachta agus cúrsaí reatha arna gcur ar fáil ag soláthraithe seirbhísí meán.

Le Cóid an Choimisiúin maidir le Seirbhísí Meán, cuirfear ceanglais Threoir AVMS chun feidhme freisin.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún féachaint do na nithe seo a leanas le linn dó cód maidir le seirbhísí meán a dhéanamh nó a leasú:

a. an méid dochair nó coil is dócha is dóigh a dhéanfaí dá gcuirfí aon sórt ar leith bunábhair i gclár;

b. méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta ionchasaigh le haghaidh bunábhar clár;

c. ionchas dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an gcineál lánais a bheidh i gclár agus a mhéid is féidir aird daoine a d'fhéadfadh a beith i measc an lucht féachana nó an lucht éisteachta a tharraingt ar an gcineál lánais a bheidh i gclár,

d. an dóchúlacht atá ann, maidir le daoine nach eol dóibh an cineál lánais a bheidh i gclár, go bhfeicfidh siad nó go gcloisfidh siad an lánas sin go neamhdheonach trína mbearta féin;

e. a inmhianaithe atá sé a dheimhniú go gcuirfidh soláthraí seirbhísí meán closamhairc ar éileamh an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú a dhéanann difear do chineál na seirbhíse agus, go háirithe, faoi aon athrú is ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na gcód maidir le seirbhísí meán; agus

f. a inmhianaithe atá sé neamhspleáchas a chothabháil maidir le rialú eagarthóireachta ar lánas clár.

[13] I gcomhréir le halt 46N d'Acht 2009.
[14] I gcomhréir le hailt 46J, 46K agus 46L d'Acht 2009.

## 7.3 Rialacha maidir le Seirbhísí Meán

Tá cumhachtaí ag an gCoimisiún chun rialacha maidir le seirbhísí meán a dhéanamh agus áirítear in Airteagal 46O d'Acht 2009 iad. D'fhoilsigh an Coimisiún rialacha maidir le seirbhísí meán chun a cheangal ar[15] chláir, i gcatalóg de sholáthraí seirbhísí meán, an tuiscint atá ag an daoine seo a leanas ar na cláir sin agus an taitneamh a bhaineann siad astu a chur chun cinn:

- daoine atá bodhar nó a bhfuil mallachar éisteachta orthu,
- daoine atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu, agus
- daoine a bhfuil mallachar éisteachta orthu agus a bhfuil lagú radhairc orthu.

Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí meán tagairt a dhéanamh d'Acht 2009 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le forálacha Chuid 3B. Mura gcomhlíontar na dualgais a fhorchuirtear nó na cóid agus na rialacha a dhéantar faoi Chuid 3B, measfar gur *"sárú"* é sin chun críocha Chuid 8B d'Acht 2009 agus ar an mbealach sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh foras ann chun smachtbhanna airgeadais riaracháin a fhorchur ar an soláthraí seirbhísí meán closamhairc ábhartha.

## 7.4 Cóipeanna de lánas a choinneáil

Ceanglaítear ar Sholáthraithe Seirbhísí Meán cóip den lánas uile a chuirtear ar fáil i gcatalóg a choinneáil ar feadh cibé tréimhse a chinnfidh an Coimisiún agus a fhoilsítear ar a shuíomh gréasáin de bhun alt 46P(3) d'Acht 2009.

Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar sholáthraí seirbhísí meán aon lánas a chur ar fáil, is lánas a bhfuil feidhm ag an oibleagáid cóipeanna a choinneáil faoi alt 46P(2) ina leith laistigh de thréimhse shonraithe.

Mura gcomhlíontar na hoibleagáidí maidir le lánas a choinneáil, measfar gur *"sárú"* é sin agus d'fhéadfadh foras a bheith ann mar thoradh air sin le haghaidh smachtbhanna airgeadais riaracháin faoi Chuid 8B d'Acht 2009. Duine nach gcomhlíonann ceanglas an Choimisiúin maidir le cóip d'aon lánas a chur ar fáil gan leithscéal réasúnach, féadfaidh sé a bheith ciontach i gcion chatagóir 2.

# 8. Cód Cleachtais – Gearáin a Láimhseáil

Tá sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí meán breithniú cuí agus leordhóthanach a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar i scríbhinn agus a bhaineann le mainneachtain líomhnaithe na dualgais reachtúla thuasluaite, cóid maidir le seirbhísí meán agus/nó rialacha maidir le seirbhísí meán a chomhlíonadh, ar choinníoll go ndéantar an gearán tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta a scoir an lánas de bheith ar fáil ar an tseirbhís meán closamhairc ar éileamh ábhartha.

Féadfaidh soláthraí a chinneadh gan gearán den sórt sin a mheas i gcás ina bhfuil an gearán suaibhreosach, cráiteach nó nach ndearnadh de mheon macánta é, dar leis an soláthraí.

Ceanglaítear ar sholáthraithe cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme maidir le láimhseáil na ngearán sin agus foráil a dhéanamh maidir leis na cúrsaí seo a leanas –

(a) pointe teagmhála tosaigh le haghaidh gearánach, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist,

[15] Tá Rialacha maidir le Seirbhísí Meán á dtabhairt chun críche faoi láthair agus tá coinne leis go gcuirfear na rialacha sin i bhfeidhm sa dara leath de 2024.

(b) an tréimhse ama a gceanglaítear ar an soláthraí freagra a thabhairt ar ghearáin laistigh di, agus

(c) na nósanna imeachta atá le leanúint ag an soláthraí le linn dó gearáin a réiteach.

Ceanglaítear cóid chleachtais den sórt sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an tsoláthraí seirbhísí meán agus iad a chur ar fáil ar bhonn ginearálta.

Tá sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí meán eolas a chur ar fáil don Choimisiún lena fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin maidir leis an bpointe teagmhála tosaigh chun gearáin a dhéanamh agus an tréimhse ama chun freagra a thabhairt ar ghearáin.

Tá sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí meán taifead a choinneáil ar ghearáin a dhéantar faoina gCód Cleachtais agus ar aon fhreagra a thugtar ar na gearáin sin ar feadh tréimhse dhá (2) bhliain ón dáta a fhaightear an gearán. Ní mór taifid de na gearáin sin a chur ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó.

Féadfaidh an Coimisiún treoraíocht a ullmhú agus a fhoilsiú do sholáthraithe i ndáil le cód cleachtais maidir le láimhseáil gearán a ullmhú agus a chur chun feidhme.

## 9. Samhail Tobhaigh

De bhun alt 21 d'Acht 2009, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún ordú tobhaigh a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí meán closamhairc. Beidh gá le hioncam tobhaigh chun comhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin i ndáil le seirbhísí meán closamhairc a mhaoiniú agus ceanglaítear ar an gCoimisiún a áirithiú gur leor an t-ioncam tobhaigh chun a chuid caiteachas agus ceanglas caipitil oibre a chomhlíonadh i rith gach tréimhse tobhaigh sa mhéid nach gcomhlíontar na costais agus na ceanglais caipitil oibre sin trí mhodhanna eile.

Trí bhíthin treoraíocht ghinearálta, féachfaidh an Coimisiún do na breithnithe seo a leanas le linn dó méid an tobhaigh a bheidh le forchur ar sholáthraithe seirbhísí meán closamhairc a chinneadh:

- Beidh feidhm ag an tobhach maidir leis na Soláthraithe Seirbhísí Meán atá sa chlár reatha arna chur ar bun faoi alt 46A d'Acht 2009.
- Ríomhfar céatadán an tobhaigh ar bhonn na gcostas measta a bhaineann le rialáil an sciar de sholáthraithe seirbhísí meán closamhairc agus ioncam cáilitheach an sciar sin de sholáthraithe seirbhísí meán closamhairc ina iomláine.
- Beidh an t-ioncam cáilitheach [16] ar fud an Aontais Eorpaigh ar an mbonn go ndíorthaítear feidhmeanna an Choimisiúin ó Threoir AVMS. Ina theannta sin, de bhun phrionsabal na tíre tionscnaimh, rialaíonn an Coimisiún seirbhísí a fhaightear áit ar bith san Aontas.
- Beidh na méadrachtaí bunaithe ar mhéideanna iarbhír atá ar eolas ag tús na tréimhse tobhaigh agus dá bhrí sin, beidh an tobhach le haghaidh 2024 bunaithe ar ioncam cáilitheach iniúchta le haghaidh na bliana féilire 2022.[17]
- Is in aghaidh na seirbhíse a ghearrfar an tobhach ionas go mbeidh an tobhach céanna ag gabháil le gach seirbhís laistigh de sciar, beag beann ar a húinéireacht.
- Aon seirbhísí cláraithe ag a bhfuil ioncam cáilitheach is lú ná €500,000, beidh sí díolmhaithe ó thobhach a íoc – is ar chúiseanna simplíochta riaracháin é sin agus ar mhaithe le seirbhísí nua agus nuálacha a chur chun cinn.

[16] Mar a shainmhínítear é sin san Ordú Tobhaigh.
[17] Sa bhliain féilire 2024, ní bheidh soláthraithe seirbhísí meán faoi réir an tobhaigh ach amháin don tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2024.

- I gcás inarb ionann cuid indealaithe de sheirbhís agus an tseirbhís closamhairc ar éileamh, ní bheidh feidhm ag an tobhach ach amháin maidir le hioncam cáilitheach na coda sin.

Níl na breithnithe sin uileghabhálach agus forchoimeádann an Coimisiún a theidlíocht chun cibé nithe eile breise a chur san áireamh le linn dó an tobhach iomchuí a bheidh le gearradh a chinneadh, is tobhach a mheasfar a bheith réasúnach agus comhréireach.

Féach an nasc chuig an Ordú Tobhaigh anseo.

Tabhair faoi deara freisin go bhféadfadh an tsamhail tobhaigh a bheith faoi réir athraithe le haghaidh thréimhse 2025.

# 10. Saothair Eorpacha

De bhun Airteagal 13 de Threoir AVMS agus de bhun Chuid 10A d'Acht 2009, ní mór do sholáthraithe seirbhísí meán a áirithiú gur saothair Eorpacha atá i méid nach lú ná 30% de na cláir laistigh de chatalóg atá mar chuid dá sheirbhís meán closamhairc agus feiceálacht saothar Eorpach in aon chatalóg den tseirbhís sin a áirithiú. Tá na ceanglais agus díolúintí maidir leis na Saothair Eorpacha le léirmhíniú i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh[18] agus áirítear orthu Sciar na Saothar Eorpach, Feiceálacht na Saothar Eorpach, Scéim na Saothar Eorpach, Díolúintí, agus Tobhach na Saothar Eorpach.

Sainmhínítear *"Saothair Eorpacha"* in alt 159A d'Acht 2009.

Féadfaidh an Coimisiún ordú tobhaigh breise a chur ar sholáthraithe seirbhísí meán freisin chun tacú le saothair Eorpacha a tháirgeadh. Leis na cumhachtaí sin in alt 159E d'Acht 2009, déantar foráil shonrach maidir le ríomhanna na dtobhach ag soláthraithe seirbhísí meán lena spriocdhírítear ar lucht féachana nó lucht éisteachta i Stáit seachas an Ballstát ina bhfuil an soláthraí bunaithe. Leis na forálacha ábhartha lena gceanglaítear aon tobhach den sórt sin a ríomh trí thagairt don ioncam a thuilltear sa Stát/sna Stáit *"spriocdhírithe"*, ní mór aon ranníocaíocht airgeadais a fhorchuireann an Stát/na Stáit eile sin ar an soláthraí a chur san áireamh agus ní mór aon tobhach a fhorchuirtear *"a bheith comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach".*

Foilsíonn an Coimisiún treoirlínte agus nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí comhlíontachta agus áireofar orthu sin na rialacha nós imeachta a leanfar chun faireachán agus cinneadh a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir leis an íosmhéid 30% de shaothair AE agus ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí feiceálachta (dá dtagraítear a thuilleadh thíos). Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe dá bhféadfaí difear a dhéanamh sula leagfar síos aon Tobhach Saothar Eorpach a d'fhéadfadh a bheith ann.

## 10.1 Díolúintí

Le halt 179B d'Acht 2009 leagtar amach na himthosca seo a leanas nach bhfuil feidhm ag an sciar 30% iontu:

(a) I gcás ina bhfuil láimhdeachas íseal nó lucht féachana nó lucht éisteachta íseal ag soláthraí seirbhísí meán, nó

(b) I gcás ina ndíolmhaítear seirbhís le rialacha arna ndéanamh faoi alt 159I.

Foráiltear le halt 159I go bhféadfaidh an Coimisiún rialacha a dhéanamh lena bhforáiltear nach mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí faoi alt 159B(1) [an ceanglas maidir le híosmhéid 30% de shaothair Eorpacha] nó

[18] EUR-Lex - 52020XC0707(03) - GA - EUR-Lex (europa.eu)

alt 159C(1) [an ceanglas maidir le feiceálacht na saothar Eorpach] maidir le soláthraí seirbhísí meán i leith seirbhís meán closamhairc i gcás ina mbeadh sé dodhéanta na hoibleagáidí sin a fhorchur nó nach mbeadh údar leis sin i ngeall ar chineál na seirbhíse, nó ar théama ginearálta na gclár closamhairc a sholáthraíonn an tseirbhís.

Faoi alt 159B(3), ceanglaítear ar an gCoimisiún rialacha a dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas –

(a) cé acu atá nó nach bhfuil catalóg ag seirbhís meán closamhairc ar éileamh inar lú an sciar de shaothair Eorpacha ná 30 faoin gcéad, agus

(b) cé acu atá nó nach bhfuil láimhdeachas íseal nó lucht féachana nó lucht éisteachta íseal ag soláthraí seirbhísí meán.

Le linn don Choimisiún rialacha a dhéanamh maidir lena chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil láimhdeachas íseal nó lucht féachana nó lucht éisteachta íseal ag soláthraí seirbhísí meán, ceanglaítear air féachaint d'aon saintréith den mhargadh ina bhfuil seirbhís meán closamhairc ar éileamh á soláthar ag an soláthraí, lena n-áirítear:

(a) láimhdeachas an tsoláthraí ón tseirbhís sa mhargadh, mar chion de láimhdeachas iomlán na soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh ó na seirbhísí sin sa mhargadh, agus

(b) líon na mball den lucht féachana nó éisteachta sa tseirbhís sa mhargadh, mar chion de líon iomlán na mball den lucht féachana le haghaidh seirbhísí meán closamhairc ar éileamh sa mhargadh.

## 10.2 Oibleagáidí maidir le Feiceálacht

De bhun Airteagal 13(1) de Threoir AVMS, ceanglaítear ar na Ballstáit feiceálacht na saothar Eorpach a áirithiú i gcatalóga na soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh atá faoina ndlínse.

Le halt 159C(1) d'Acht 2009, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh aon bheart a dhéanamh a cheanglaítear le rialacha arna ndéanamh faoin alt seo chun feiceálacht na saothar Eorpach a áirithiú in aon chatalóg dá sheirbhís. Ceanglaítear ar an gCoimisiún faoi alt 159C(3) rialacha a dhéanamh lena leagtar amach na céimeanna nach mór do sholáthraithe seirbhísí meán a ghlacadh chun feiceálacht na saothar Eorpach a áirithiú.

Le halt 159C(4) d'Acht 2009, sainaithnítear na céimeanna a d'fhéadfaí a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí meán a ghlacadh de réir na rialacha atá beartaithe, is céimeanna a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis na nithe seo a leanas:

(a) infheictheacht agus cur i láthair na saothar Eorpach laistigh de chatalóg;

(b) eolas a áireamh i gcatalóg i ndáil le cé acu is saothar Eorpach é saothar nó nach ea agus an t-eolas sin a shuí;

(c) inrochtaineacht na saothar Eorpach laistigh de chatalóg, lena n-áirítear uirlisí cuardaigh a chumrú;

(d) tagairtí do shaothair Eorpacha i bhfógraíocht don tseirbhís;

(e) íoschéatadáin de shaothair Eorpacha a chur chun cinn laistigh de chatalóg do lucht féachana nó éisteachta na seirbhíse agus na modhanna a úsáidfear chun an méid sin a chur chun cinn.

Sonraítear le halt 159C(5) freisin, le linn don Choimisiún rialacha den sórt sin a dhéanamh, nach mór dó féachaint do na nithe seo a leanas –

(a) cuspóir na héagsúlachta cultúrtha,

(b) a inmhianaithe atá sé saothair Eorpacha a chur ar fáil don lucht féachana nó éisteachta is leithne is féidir,

(c) forbairtí teicneolaíochta,

(d) forbairtí i margaí seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, agus

(e) aon tuarascáil ábhartha arna cur ar fáil ag Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc a cuireadh ar bun le hAirteagal 30b den Treoir.